Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Iúil 2016**
**(OR. en)**

**11369/16**

**AGRIFIN 91**
**AGRI 425**
**VETER 77**
**ANIMAUX 22**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 18 Iúil 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 10994/16 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Cláir díothaithe, rialaithe agus faireacháin chun galair ainmhithe a shrianadh"<br>- conclúidí ón gComhairle (18 Iúil 2016) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal "Cláir díothaithe, rialaithe agus faireacháin chun galair ainmhithe a shrianadh", a ghlac an Chomhairle ag an 3481ú cruinniú a bhí aici ar an 18 Iúil 2016.

**IARSCRÍBHINN**

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Cláir díothaithe, rialaithe agus faireacháin chun galair ainmhithe a shrianadh'**

FÓGRAÍONN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH an méid a leanas:

(1) Is DÍOL SÁSAIMH di Tuarascáil Speisialta Uimh. 6/2016 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Clár díothaithe, rialaithe agus faireacháin chun galair ainmhithe a shrianadh' arb í an bhunchonclúid inti gur éirigh leis na cláir um ghalair ainmhithe a scrúdaigh an Chúirt galair ainmhithe a shrianadh ar bhealach leordhóthanach;

(2) AITHNÍONN sí tuairim na Cúirte maidir lena thábhachtaí atá gné an fhiadhúlra ó thaobh galair ainmhithe a chomhrac agus FEARANN SÍ FÁILTE roimh an tiomantas ón gCoimisiúin go ndéanfar gnéithe an fhiadhúlra a chur san áireamh i gcláir thréidliachta, nuair is ábhartha;

(3) AITHNÍONN sí an moladh gur cheart don Choimisiún tacú le vacsaíní a bheith ar fáil i gcás ina bhfuil bunús eipidéimeolaíochta dó sin agus is DÍOL SÁSAIMH di gur ghlac an Coimisiún leis an moladh sin;

(4) AONTAÍONN sí gur féidir le ráigeanna galar tarlú i gcónaí agus gur cheart don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint de bheith ar an airdeall; agus MEABHRAÍONN sí gur glacadh ar an 9 Márta 2016 an 'Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe"[1] arb é is aidhm dó galair ainmhithe atá in-tarchurtha go hainmhithe nó go daoine a chosc agus a rialú in ainmhithe atá á gcoimeád, in ainmhithe fiáine agus i dtáirgí ainmhithe. Is éard atá sna rialacha seo ceanglais maidir le galair a chosc agus maidir le hullmhacht; feasacht faoi ghalair; bithshlándáil; inrianaitheacht ainmhithe agus i gcás inar gá, táirgí ainmhithe; gluaiseachtaí ainmhithe laistigh den Aontas Eorpach agus ainmhithe agus táirgí ainmhithe ag teacht isteach an Aontas; faireachas; rialú galar agus díothú; agus bearta éigeandála;

(5) Tugann sí dá hAIRE tuairim na Cúirte gur cláir iad na cláir a scrúdaíodh atá dea-cheaptha agus a cuireadh chun feidhme mar is ceart agus gur aimsigh an Chúirt freisin roinnt réimsí ina bhféadfaí feabhas a dhéanamh; agus is DÍOL SÁSAIMH di go bhfuil an Coimisiún sásta an chomh-mhalartú faisnéise eipidéimeolaíochta a éascú idir na Ballstáit; agus SPREAGANN sí na Ballstáit tacú leis an gCoimisiún chun toradh rathúil a bhaint amach;

(6) AONTAÍONN sí gur gá cost-éifeachtúlacht an chaiteachais tréidliachta a léiriú ar bhealach níos fearr ach ag an am céanna, gur deacair cost-éifeachtúlacht na gclár a chinneadh, cheal samhlacha don anailís a theastaíonn chuige sin; agus dá bhrí sin

[1] IO L 84, 31.3.2016, lch. 1. Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe').

(7) Is DÍOL SÁSAIMH di go bhfuil an Coimisiún sásta féachaint ar cheart an tacar reatha táscairí a thabhairt cothrom le dáta chun faisnéis níos fearr a chur ar fáil maidir le gníomhaíochtaí rialaithe tréidliachta agus cost-éifeachtúlacht na gclár; agus is DÍOL SÁSAIMH di freisin gur glacadh Rún Uimh. 35 'Eacnamaíocht Shláinte na nAinmhithe: Costais Dhíreacha agus Indíreacha Ráigeanna de Ghalair Ainmhithe' ag Tionól Domhanda na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) ar an 27 Bealtaine 2016[2] lena bhféadfaí tacar sonraí a ghiniúint maidir le hualach eacnamaíoch na ngalar ainmhithe, tacar a d'fhéadfaí a úsáid agus cláir rialaithe galar a bheith á bpleanáil amach anseo.

---

2 Tá teacht ar an rún ar shuíomh gréasáin na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe: http://www.oie.int/fileadmin/Home/eng/About_us/docs/pdf/Session/2016/A_RESO_2016_public.pdf